Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal nuachta. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus líon na bearnaí leis na focail ó cheist 1 thuas.

Áine Lally
Bronnadh _____ ar _____ _____ ag searmanas in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh inniu. Ina measc bhí _____ Cuthbert Toura Aratura as an tSiombáib _____a tháinig go hÉirinn i naoi déag nócha is a trí agus é naoi mbliana déag d'aois. Ní raibh sé i gceist aige fanacht ach dhá bhliain, ach tá sé anseo ó shin. Tá sé pósta anois agus tá triúr iníonacha aige. Bíonn sé le feiceáil go rialta ag damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Gaeilge.

Cuthbert Toura Aratura
Tá mé iontach bródúil. Tá mé anseo anois. Tá mé ag ligean mo scíthe le mo chorp faoi láthair.

Áine Lally
Tá _____ atá ar bharr Chorrán Tuathail a leagadh go talamh le gairid _____, a deir an fóram atá i bhfeighil chaomhnú na gCruach Dubh. Dúirt _____ _____ an fhóraim go raibh scata glaonna tagtha ó chomhlachtaí innealtóireachta, loingseoireachta agus ón bpobal agus iad uilig ag tairiscint an chrois a dheisiú. Beidh cruinniú ag an bhfóram tráthnóna amárach _____. Tuigtear go bhfuil siad ag súil go mbeidh an chrois deisithe roimh dheireadh na seachtaine.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén t-eolas a thugtar faoi Cuthbert Toura Aratura?
2. Cén fáth a bhfuil Corrán Tuathail sa nuacht?

Ceist 4 Scríobh na huimhreacha seo a bhí le cloisteáil sa mhír i bhfocail:

1993
19 years old
2 years
3 daughters

Ceist 5 **A**. Líon an bosca leis an fhoirm cheart den fhocal **bliain.**

1	2	3-6	7-10	20, 30 srl

B. Scríobh amach blianta na ndéaga anois ó 11 go dtí 19.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart Saoránacht na hÉireann a thabhairt do gach duine ar mhaith leis é? Cén fáth?
2. Ar cheart scrúdú a dhéanamh sula dtabharfar saoránacht tíre do dhuine? Cén cineál scrúdaithe?
3. Cén fáth a loitfeadh duine crois Chaitliceach ar nós é sin a bhí ar Chorrán Tuathail, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. Irish citizenship	*Saoránacht na hÉireann*
2. large number	*scata*
3. foreigner	*eachtrannach*
4. the dancer and entertainer	*an damhsóir agus an siamsóir*
5. originally	*ó dhúchas*
6. the cross / crucifix	*an chrois*
7. to be fixed	*le deisiú*
8. spokesperson	*urlabhraí*
9. on behalf of	*thar ceann*
10. to discuss the situation	*chun an scéal a phlé*

Ceist 2
Áine Lally
Bronnadh **Saoránacht na hÉireann** ar **scata eachtrannach** ag searmanas in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh inniu. Ina measc bhí **an damhsóir agus an siamsóir** Cuthbert Toura Aratura as an tSiombáib **ó dhúchas**, a tháinig go hÉirinn i naoi déag nócha is a trí agus é naoi mbliana déag d'aois. Ní raibh sé i gceist aige fanacht ach dhá bhliain, ach tá sé anseo ó shin. Tá sé pósta anois agus tá triúr iníonacha aige. Bíonn sé le feiceáil go rialta ag damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Gaeilge.

Tá **an chrois** atá ar bharr Chorrán Tuathail a leagadh go talamh le gairid **le deisiú**, a deir an fóram atá i bhfeighil chaomhnú na gCruach Dubh. Dúirt **urlabhraí thar ceann** an fhóraim go raibh scata glaonna tagtha ó chomhlachtaí innealtóireachta, loingseoireachta agus ón bpobal agus iad uilig ag tairiscint an chrois a dheisiú. Beidh cruinniú ag an bhfóram tráthnóna amárach **chun an scéal a phlé**. Tuigtear go bhfuil siad ag súil go mbeidh an chrois deisithe roimh dheireadh na seachtaine.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1993 – naoi déag nócha is a trí
19 – naoi mbliana déag d'aois
3 daughters – triúr iníonacha

Ceist 5

1	2	3-6	7-10	20, 30 srl
aon bhliain (déag)	dhá bhliain (déag)	cúig bliana (déag)	ocht mbliana (déag)	fiche bliain

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally
Bronnadh Saoránacht na hÉireann ar scata eachtrannach ag searmanas in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh inniu. Ina measc bhí an damhsóir agus an siamsóir Cuthbert Toura Aratura as an tSiombáib ó dhúchas, a tháinig go hÉirinn i naoi déag nócha is a trí agus é naoi mbliana déag d'aois. Ní raibh sé i gceist aige fanacht ach dhá bhliain, ach tá sé anseo ó shin. Tá sé pósta anois agus tá triúr iníonacha[1] aige. Bíonn sé le feiceáil go rialta ag damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Gaeilge.

Cuthbert Toura Aratura
Tá mé iontach bródúil. Tá mé anseo anois. Tá mé ag ligean mo scíthe le mo chorp faoi láthair.

Áine Lally
Tá an chrois atá ar bharr Chorrán Tuathail a leagadh go talamh le gairid le deisiú, a deir an fóram atá i bhfeighil chaomhnú na gCruach Dubh. Dúirt urlabhraí thar ceann an fhóraim go raibh scata glaonna tagtha ó chomhlachtaí innealtóireachta, loingseoireachta[2] agus ón bpobal agus iad uilig ag tairiscint an chrois a dheisiú. Beidh cruinniú ag an bhfóram tráthnóna amárach chun an scéal a phlé. Tuigtear go bhfuil siad ag súil go mbeidh an chrois deisithe roimh dheireadh na seachtaine.

[1] *iníon* a deirtear
[2] *longadóireachta* a deirtear